**06_01_c.mp3**

**Bileog 6.1 (C): Cloig éagsúla**

A haon: Cén t-am atá sé? Tá sé anois ceathrú chun a trí.
A dó: Déan deifir, beidh an bus anseo ag ceathrú i ndiaidh a seacht.
A trí: Cén t-am atá sé? Hmm, leathuair tar éis a sé.
A ceathair: Cén t-am a osclaíonn oifig an phoist? Ag ceathrú tar éis a naoi, sílim.
A cúig: Cén t-am a thosaíonn an dráma? Leath i ndiaidh a hocht is dóigh liom.
A sé: Cén t-am atá sé? Tá sé díreach leath i ndiaidh a deich.
A seacht: Cén t-am a thosaíonn an scannán sin ar an teilifís? Ceathrú go dtí a deich.
A hocht: Cén t-am atá sé? Ceathrú i ndiaidh a trí. Am caife, sílim.

**06_02_b.mp3**

**Bileog 6.2 (B) Gnáthlaethanta**

**1. Lisa:**
Is mise Lisa. Is rúnaí scoile mé. Éirím de ghnáth ag thart ar a seacht a chlog. Tiomáinim chun na scoile agus ithim mo bhricfeasta i gcistin na scoile ag a hocht a chlog. Bím i m'oifig ag leath i ndiaidh a hocht agus oibrím go dtí leath i ndiaidh a ceathair. Tráthnóna téim go dtí an teach tábhairne go minic le cairde.

**2. Éamonn:**
Éamonn Ó Dúill is ainm dom. Tá an áit a bhfuil mé i mo chónaí seacht míle ón oifig. Tá siopa beag caifé in aice na hoifige agus go minic ólaim caifé ansin timpeall ceathrú chun a naoi nó mar sin. Tosaím ag obair ag a naoi de ghnáth agus téim abhaile arís ag leath i ndiaidh a sé. Breathnaím ar an nuacht ar an teilifís i gcónaí ag a naoi a chlog.

**3. Eoin agus Ciarán:**

*Fón ag bualadh.*
**Eoin:** Haló.
**Ciarán**: Haigh 'Eoin, Ciarán anseo. Ar mhaith leat bualadh liom amárach?
**Eoin**: Ó ba bhreá liom. Cén t-am?
**Ciarán**: Cad faoi ceathrú tar éis a haon?
**Eoin:** Tá sin i gceart, ach téimse ar ais ag obair ag ceathrú tar éis a dó.
**Ciarán:** Ceart go leor. Bíonn lón agamsa san óstán in aice leis an stáisiún gach lá.
**Eoin:** Ó tá a fhios agam an áit, beidh mé ansin amárach.
**Ciarán**: Tá go maith. Slán go fóill.
**Eoin:** Slán.

**4. Frank:**
Is mise Frank agus tá mé pósta le Sorcha. Tiomáineann Sorcha mé go dtí an obair agus ansin déanann sí an tsiopadóireacht díreach ina dhiaidh sin ag timpeall ceathrú tar éis a naoi. Ólann sí cupán tae nuair a bhíonn sí sa bhaile, ag a haon déag. Glanann sí an teach

© OÉ Má Nuad

agus ansin déanann sí an dinnéar do na páistí timpeall a trí a chlog.

**06_03_c.mp3**

**Bileog 6.3 (C): Dhá Shaol**

**Ríona:**
Éirím ag ceathrú tar éis a seacht de ghnáth. Tá cistin againn ag an obair agus ithim mo bhricfeasta ansin gach maidin agus ansin tosaím ag obair ag a naoi a chlog. Ólaim cupán caifé ar leathuair tar éis a deich. Ag am lóin, bíonn lón agam i gcaifé de ghnáth.

Oibrím go dtí a cúig agus téim abhaile ar sé. Déanaim an dinnéar agus ina dhiaidh sin, seinnim an pianó agus léim leabhar.

Ag an deireadh seachtaine, de ghnáth, téim ag siopadóireacht Dé Sathairn le mo chara nó le mo dheirfiúr. Casaim le cairde agus go minic téimid go dtí an teach tábhairne agus ansin go dtí club oíche.

**Tomás:**
Éirím ag a seacht a chlog de ghnáth. Ní ithim bricfeasta sa bhaile – bíonn sé agam sa cheaintín san obair. Tosaím ag obair ag ceathrú go dtí a naoi. Ólaim cupán tae ar cheathrú i ndiaidh a deich. Ag am lóin, ithim san oifig agus ansin téim ag snámh nó ag siúl.

Oibrím go dtí a ceathrú chun a cúig. Tagaim abhaile de ghnáth ar a sé a chlog. Anois is arís, ithim mo dhinnéar i mbialann le mo pháirtí agus téimid abhaile idir a seacht agus hocht. Nuair a théim abhaile, féachaim ar an nuacht. Uaireanta, imrím sacar agus buailim le mo chairde sa teach tábhairne.

Ag an deireadh seachtaine, de ghnáth, imrím leadóg tráthnóna Dé Sathairn. Téim go dtí an phictiúrlann uaireanta nó chuig ceolchoirm.

**06_04_d.mp3**

**Bileog 6.4 (D): Micheál ag Caint**

Is mise Micheál. Is as Gaillimh mé ach tá mé i mo chónaí in árasán i gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath le cúpla bliain anois. Tá mé ag obair anseo sa chathair.
Éirím ag leathuair tar éis a seacht gach maidin. Ithim bricfeasta go tapaidh. Téim ag obair ar an traein agus tosaím ag obair ar leathuair tar éis a hocht. Bíonn cupán caifé agam gach lá ag leathuair tar éis a deich. Oibrím go dtí leathuair tar éis a ceathair. Déanaim mo dhinnéar agus féachaim ar an nuacht ar an teilifís. Ansin, de ghnáth, téim amach ag siúl cois farraige ar feadh tamaill. Uaireanta, téim ag snámh san ionad spóirt áitiúil. Bím an-tuirseach agus téim a luí de ghnáth idir leathuair tar éis a deich agus a haon déag. Dé hAoine, de ghnáth, téim go dtí an teach tábhairne le roinnt cairde. Maidin Dé Sathairn, déanaim an tsiopadóireacht in ollmhargadh mór i lár na cathrach. Bíonn lón

© OÉ Má Nuad

agam le mo mháthair i mbialann anseo sa chathair gach Dé Sathairn. Bíonn sé go deas bualadh léi agus na scéalta go léir a chloisteáil.

**06_04_g.mp3**

## Gníomhaíocht 6.4 (G): Foghraíocht

***CUID A***

1. naoi
2. ní
3. i ndiaidh
4. dinnéar
5. téann
6. déan
7. déanann
8. tráthnóna
9. éiríonn
10. a haon

***CUID B***

1. Éirím ag a naoi a chlog.
2. Ní ólaim caifé.
3. Tá sé leath i ndiaidh a cúig.
4. Ithim an dinnéar ag a hocht.
5. Téann sé a luí ag a haon déag.
6. Déanaim an dinnéar ag a 6.
7. Déanann sí an tsiopadóireacht.
8. Casaim le cairde sa tráthnóna.
9. Éiríonn Rob ag a naoi a chlog.
10. Bíonn mo lón agam ag a haon.

© OÉ Má Nuad